

Post - Bainisteoir Léirithe

Comhlacht teilifíse atá lonnaithe in iarthar na hÉireann is ea Aniar. Díríonn muid ár gcuid ár n-ard ar scéalta an phobail a insint, agus ardán a thabhairt do chultúr na tíre trí chláracha faisnéise, ceoil agus siamsaíochta don chéad scoth a léiriú. Déanann muid sraitheanna ar nós 'Sé mo Laoch, Bailte, Bádóirí, Dúiseacht, agus cláracha aonair ar nós Ómós – Michael D @ 80, Fáilte agus go leor cláracha eile. Más duine fuinniúil, dearfach, eagraithe tú le Gaeilge líofa, agus má tá suim agat teacht ag obair le comhlacht ina bhfuil go leor éagsúlacht oibre, tar i dteagmháil linn.

Beidh an té a fhostaítear ag obair ar chláracha faisnéise agus ceoil, agus lonnaithe i gCorca Dhuibhne. Beidh sé ina bhuntáiste taithí a bheith agat ar earnáil na meán in Éirinn, ach tá sé níos tábhachtaí gur duine díograiseach, dearfach, muiníneach tú atá sásta oibriú mar chuid de fhoireann agus as do stuaim féin. Cuirfear oiliúint ar fáil más gá.

Seol CV agus litir iarratais chuig eolas@aniartv.ie faoi mheán lae ar an 24ú Meán Fómhair.

Breis eolais anseo:

Riachtanais:

Cumas i gcúrsaí eagrúcháin, bainistíochta, airgeadais.

Scileanna maithe ríomhaireachta agus cumarsáide.

Tá Gaeilge/Gaoluinn líofa riachtanach don bpost seo.

Cumas oibriú laistigh de sprioc ama agus faoi bhrú.

Inmhianaithe:

Gaeilge mhaith scríofa

Tuiscint ar léirithe teilifíse

Tuiscint ar mheáin shóisialta

Go maith ag obair go h-aonarach agus mar chuid de fhoireann

Freagrachtaí:

Socruithe i dtaobh aíonna, suíomhanna, taisteal, lóistín, lónadóireacht srl. a dhéanamh

Criúnna a chuir in áirithe agus rátaí a shocrú

Sceidil taifeadta a eagrú agus an fhoireann a chur ar an eolas

Árachas, measúnú riosca, ceadúnais taifeadta, sábháilteacht foirne, sábháilteacht Covid a chur in áit

Ábhar cartlainne a aimsiú agus ceadúnais cartlainne a aontú

Ceadúnais ó aíonna a fháil agus a choimeád ar chomhad

An Páipéarachas iar-léirithe ar fad a chur in eagar agus riachtanais an chraoltóra a chur ar fáil dóibh

Cabhrú leis an Léiritheoir / Stiúrthóir le gach gné den léiriú

Riarachán oifige

Sceidil agus áiseanna iar-léirithe a shocrú

Déileál le haon deacrachtaí a thagann chun cinn leis an léiriú

An buiséad a bhainistiú agus tuairiscí caiteachais a chur ar fáil

Táille ag brath ar thaithí agus scileanna.

Muna bhfuil taithí chaoi ag an té a cheapfar cuirfear oiliúint ar fáil.

Is fostóir comhionannais deise í Aniar.

Seol CV mar aon le litir iarratais chuig eolas@aniartv.ie

Sprioc: 12 meán lae ar an Aoine an 24ú Meán Fómhair.